2023.M7

2023L001A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

# Gaeilge

## Páipéar 1
## (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

## Ardleibhéal

## Dé Luain 12 Meitheamh Tráthnóna 2:00 - 4:20

160 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus Lá agus Mí do Bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú seo sna spásanna atá curtha ar fáil sa fhreagarleabhar seo.

Scríobh do chuid freagraí **le peann gorm nó le peann dubh**. **Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid.**

Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Tá **dhá** chuid sa scrúdú seo.

| | | |
|---|---|---|
| Cuid I | An Chluastuiscint | **60 marc** |
| Cuid II | An Cheapadóireacht | **100 marc** |

| Cuid I | An Chluastuiscint | 60 marc |
|---|---|---|

Freagair gach cuid – A, B, C – sa fhreagarleabhar seo. Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

## Cuid A

Cloisfidh tú ***dhá*** fhógra raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

### FÓGRA A hAON

**1.** **(a)** Cé a sheol an club leabhar ar líne, www.clubleabhar.com?

| |
|---|
| |

**(b)** Cén aidhm atá ag an gclub leabhar seo ar líne?

| |
|---|
| |
| |

**2.** Cén deis a bhíonn ag baill an chlub ar fhóram an tsuímh gréasáin nuair a bhíonn leabhar na míosa léite acu?

| |
|---|
| |

**3.** Scríobh síos **dhá** mhír eolais atá le líonadh isteach ar an bhfoirm chlárúcháin ar líne.

| |
|---|
| (i) |
| (ii) |

### FÓGRA A DÓ

**1.** Cén dáta a bheidh Lá Oscailte ar siúl in Ollscoil Luimnigh?

| |
|---|
| |

**2.** Scríobh síos **dhá** cheann de na hábhair chainte a bheidh ag na léachtóirí sna cainteanna.

| |
|---|
| (i) |
| |
| (ii) |
| |

**3.** Luaigh rud **amháin** a roinnfidh mic léinn na hollscoile leis na scoláirí.

| |
|---|
| |
| |

## Cuid B

Cloisfidh tú ***dhá*** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina ***dhá*** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

**COMHRÁ A hAON**

***An Chéad Mhír***

**1.** Cad a bhí ar siúl ag Cathal ar an trá?

| |
|---|
| |

**2.** Scríobh síos **dhá** chúis imní a bhaineann leis an truailliú plaisteach sa lá atá inniu ann, dar le hÍde.

| |
|---|
| (i) |
| |
| (ii) |
| |

**3.** Cad a deir na saineolaithe a tharlóidh faoin mbliain 2050?

| |
|---|
| |
| |

***An Dara Mír***

**1.** Cathain a bhí Íde ag féile cheoil?

| |
|---|
| |

**2.** Cad a chuir déistin ar Íde maidin Dé Luain?

| |
|---|
| |
| |

**3.** Scríobh síos rud **amháin** a iarrann an lucht eagraithe ar gach duine a dhéanamh chun tionchar na féile ar an timpeallacht a laghdú.

| |
|---|
| |
| |

**COMHRÁ A DÓ**

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén fáth a raibh Gráinne trí chéile ar fad nuair a shroich sí aerfort Bhaile Átha Cliath?

| |
|---|
| |
| |

**2.** Scríobh síos **dhá** rud a bhíodh ar siúl ag Gráinne sna ranganna Spáinnise.

| |
|---|
| (i) |
| |
| (ii) |
| |

**3.** Cén seanfhocal atá fíor maidir le foghlaim teanga, dar le Colm?

| |
|---|
| |
| |

***An Dara Mír***

**1.** Scríobh síos áit **amháin** a dtéadh Gráinne agus na scoláirí eile ar thurais i ndiaidh na ranganna.

| |
|---|
| |
| |

**2.** Cad a thaispeánadh Maria agus a máthair do Ghráinne ar an Domhnach?

| |
|---|
| |
| |

**3.** Cén fáth nach bhfuil Gráinne ag tnúth le filleadh ar an scoil?

| |
|---|
| |
| |

## Cuid C

Cloisfidh tú ***dhá*** phíosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

**PÍOSA A hAON**

**1.** Cén t-ainm atá ar an bpodchraoladh Gaeilge a bhuaigh an gradam óir ag an ócáid speisialta i Halla na Saoirse i mBaile Átha Cliath?

| |
|---|
| |

**2.** Scríobh síos ábhar **amháin** a phléitear ar an bpodchraoladh Gaeilge a bhuaigh an gradam óir sin.

| |
|---|
| |
| |

**3.** Luaigh **dhá** phointe eolais faoin bpodchraoladh Gaeilge *An Spota Dubh* a bhí sa tríú háit.

| |
|---|
| (i) |
| |
| (ii) |
| |

**PÍOSA A DÓ**

**1.** Cén bhliain a d'imir Pelé i gCorn an Domhain den chéad uair?

| |
|---|
| |

**2.** Cén fáth a bhfuil ainm Pelé luaite i Leabhar Churiarrachtaí Domhanda Guinness?

| |
|---|
| |
| |
| |

**3.** Scríobh síos cineál **amháin** oibre a rinne Pelé nuair a d'éirigh sé as an sacar.

| |
|---|
| |
| |

| Cuid II | An Cheapadóireacht | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de ***A, B nó C*** anseo thíos.
**Treoracha:** Ní gá níos mó ná 500-600 focal nó mar sin a scríobh i gcás ar bith.
Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.
Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

| A | AISTE nó ALT NUACHTÁIN/IRISE | 100 marc |
|---|---|---|

Scríobh AISTE **nó** ALT NUACHTÁIN/IRISE ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

(a) An costas maireachtála in Éirinn.

(b) Fadhb na ndrugaí sa lá atá inniu ann.

(c) Daoine cáiliúla i saol an lae inniu.

(d) An éagóir i saol an lae inniu.

(e) Na rudaí a chuireann isteach ar shláinte an duine.

| B | SCÉAL | 100 marc |
|---|---|---|

Ceap SCÉAL a mbeadh do rogha ceann **amháin** díobh seo oiriúnach mar theideal air.

(a) Misneach.

(b) Níl aon tinteán mar do thinteán féin.

| C | DÍOSPÓIREACHT/ÓRÁID | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha ceann **amháin** díobh seo.

(a) Scríobh *an chaint* a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

*Tá an Ghaeilge beo beathach sa ré dhigiteach seo*.

(b) Iarradh ort píosa cainte a dhéanamh ar chlár raidió ar an ábhar seo a leanas:

*An dea-obair a dhéanann cumainn charthanachta*.

Scríobh an *píosa cainte* a dhéanfá ar an ábhar sin.

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist | Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Gaeilge - Páipéar 1
# (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

Dé Luain 12 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 4:20